Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Trinity College Dublin
Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

| Coiste na Gaeilge | Irish Language Committee |
|---|---|
| **Coiste na Gaeilge**<br><br>**<u>Cruinniú</u>**<br>**Déardaoin, 7 Bealtaine 2020 ag 9.00am**<br>**Ar líne – Zoom** | **Irish Language Committee**<br><br>**<u>Meeting</u>**<br>**Thursday 7th May 2020, at 9.00am**<br>**Online – Zoom** |
| **MIONTUAIRISCÍ** | **MINUTES** |
| **I láthair**: | **Present**: |
| • Cathaoirleach & Ionadaí Dhámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta – An Dr Noel Ó Murchadha<br>• Rúnaí an Choláiste – John Coman<br>• Oifigeach na Gaeilge – Áine Ní Shúilleabháin (Rúnaí)<br>• Roinn na Gaeilge & na dTeangacha Ceilteacha – An Dr Eoin Mac Cárthaigh<br>• Dámh na nEolaíochtaí Sláinte – An Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig<br>• Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn – Muireann Nic Corcráin<br>• An Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta – Caoimhe Ní Lochlainn<br>• Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh – Ciara Ní Mhurchú<br>• Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta – Laoise Quinn<br>• An Leabharlann – Nicole Seabrook | • Representative of Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences – Dr Noel Ó Murchadha<br>• Secretary to the College – John Coman<br>• Irish Language Officer – Áine Ní Shúilleabháin (Secretary)<br>• Department of Irish & Celtic Languages – An Dr Eoin Mac Cárthaigh<br>• Faculty of Health Sciences – Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig<br>• Students' Union Irish Language Officer – Muireann Nic Corcráin<br>• Administrative and Support Area – Caoimhe Ní Lochlainn<br>• Auditor of An Cumann Gaelach – Ciara Ní Mhurchú<br>• Faculty of Engineering, Mathematics and Science – Laoise Quinn<br>• Library – Nicole Seabrook |
| **1. Ballraíocht & Leithscéalta:** | **1. Membership & Apologies**: |
| • Ionadaí an Bhoird – An tOllamh Louis Brennan<br>• Cláraitheoir na Seomraí (nó ionadaí) – An Dr Philip Coleman<br>• Ionadaí na Comhairle – An Dr Damian Murchan<br>• Ionadaí na nDéan – An Dr Anthony O'Connor<br>• Aontas na nIarchéimithe – Gisèle Scanlon | • Representative of Board – Professor Louis Brennan<br>• Registrar of Chambers (or nominee) – Dr Philip Coleman<br>• Representative of Council – Dr Damian Murchan<br>• Faculty Dean representative – Dr Anthony O'Connor<br>• Graduate Students' Union – Gisèle Scanlon |
| **2. Miontuairiscí** | **2. Minutes** |
| Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe ón 4 Aibreán 2020. Ag an gcruinniú sin ceistíodh an mbeadh Gradaim na Gaeilge ag dul ar aghaidh i mbliana. Rinneadh plé ar an gceist ó shin agus beartaíodh nach raibh sé oiriúnach iad a chur ar siúl faoi láthair. | The minutes of the meeting held on 4th April 2020 were approved. At that meeting, it was asked if the Irish Language Award would take place for this academic year. The question was discussed, and it was decided that it would not appropriate to hold them currently. |

| | |
|---|---|
| **3. Acht na dTeangacha Oifigiúla & an Tríú Scéim Teanga** | **3. Official Languages Act and the Third Language Scheme** |
| Deimhníodh go ndearnadh teagmháil leis an Roinn Cultúr, Oidhreachta agus Gaeltachta chun síneadh ama leis an spriocdháta chun Scéim Teanga nua a chur le chéile a lorg. Beidh próiseas comhairliúchán i gceist leis an Scéim a dhréachtadh agus déanfar plé ar choiste a chur le chéile don obair seo. | It was confirmed that contact was made with the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht to request a deadline extension for the compilation of a new Language Scheme. A consultation process will take place in the drafting of the Scheme and discussion is to take place on bringing together committee for this work. |
| **4. Tuairisc Oifigeach na Gaeilge** | **4. Report of the Irish Language Officer** |
| Thug an tOifigeach Gaeilge cuntas ar imeachtaí an téarma agus ar obair leanúnach na hOifige.<br><br>**Scéim Cónaithe 2020/21**<br>Tá an próiseas iarratais do Scéim Cónaithe 2020/21 oscailte do mhic léinn reatha. Tá sé i gceist na hagallaimh a reáchtáil ar Microsoft Teams agus táthar ag obair le Seirbhísí TF na hollscoile faoi láthair chun teacht ar an gcur chuige is fearr don phróiseas seo.<br><br>Ní dhéanfar fógraíocht ar Scéim na chéad bhliana go fóill go dtí go mbeidh níos mó eolais ar fáil maidir leis an Ardteistiméireacht agus na dátaí agus an cur chuige a bheidh i gceist leis an mbliain acadúil nua. Tá go leor éiginnteachta ann faoi láthair agus mar sin, tá sé deacair pleanáil chun cinn a dhéanamh don Scéim.<br><br>**Ranganna Gaeilge**<br>Tá dháréag cláraithe do na ranganna ar líne agus rachaidh an síntiús sin in éag faoi dheireadh mhí na Bealtaine.<br><br>Caithfear conradh nua a chur i bhfeidhm do sholáthar na ranganna sa bhliain acadúil nua. Ag an bpointe seo, d’fhéadfadh go mbeadh gá na ranganna go léir a chur ar líne do Théarma na Féile Michíl. D’fhéadfadh sé seo an rogha soláthraithe a laghdú mar go gcaithfeadh go mbeadh cumas acu ranganna beo ar líne a chur ar fáil. Tá sé deacair a thuar ag an bpointe seo cén leibhéal spéise a bheidh sna cúrsaí má bhíonn siad go hiomlán ar líne.<br><br>**Ciorcal Comhrá**<br>Cuireadh an ciorcal comhrá ar siúl ar Zoom an tseachtain seo caite ar bhonn píolótach, agus tugadh cuireadh do dhaoine a fhreastalaíonn air de ghnáth agus do mhic léinn agus do bhaill foirne áirithe a bheith páirteach ann. Bhí níos mó ná 20 duine ar líne ar feadh uair an chloig. Léiríodh go leor spéise ann agus tá sé i gceist leanúint ar aghaidh leis go fóill ar bhonn trialach.<br><br>**Ionduchtú do bhaill foirne nua**<br>Tá an t-ionduchtú do bhaill foirne nua á dhéanamh ar líne faoi láthair agus an clár laghdaithe go mór mar nach maireann siad ach dhá uair an chloig. Níl deis ann faoi láthair cur i láthair a dhéanamh ar an nGaeilge. Tá plé ar bun maidir | The Irish Language Officer gave an account of the events of the term and the ongoing work of the Office.<br><br>**2020/21 Residency Scheme**<br>The application process for the 2020/21 Residency Scheme is open for current students. It is intended to hold the interviews on Microsoft Teams and work is underway with the university’s IT Services to decide on the best approach for this process.<br><br>The Residency Scheme for first year students will not be advertised until further information is available on the Leaving Certificate and the dates and approach that will be required in the new academic year. There is currently a lot of uncertainty surrounding these matters and therefore, it is difficult to plan ahead for the Scheme.<br><br>**Irish Language Classes**<br>There are twelve learners registered for the online classes and this subscription will expire at the end of May.<br><br>A new supplier contract will be required in the new academic year. At this point, it may be necessary to hold all classes online for Michaelmas Term. This may reduce the choice of suppliers available as they will need to be capable of providing live online classes. It is currently difficult to estimate how much interest there will be in the courses if they are fully online.<br><br>**Conversation Circle**<br>The conversation circle was held online on a pilot basis last week and those who regularly attend, and a number of staff and students were invited to take part. Over 20 people took part online for one hour. There was a significant amount of interest in the event and it is intended to continue on a trial basis.<br><br>**Induction for new staff**<br>The new staff induction has moved online with the programme greatly reduced as it only lasts for two hours. There is currently no opportunity to present on Irish language matters. It is currently being evaluated how information on Irish and other areas can be shared in a different way online. |

le conas is féidir eolas ar an nGaeilge agus ar ábhair eile a chur ar fáil ar bhealach difriúil ar líne.

**Tuairisc Airgeadais**
Cuireadh cuntas airgeadais don tréimhse Deireadh Fómhair 2019 go Márta 2020 ar fáil.

Tá €59,506.92 caite go dtí seo idir ábhair phá agus neamhphá. Níl deontais na Scéime Cónaithe (c. €15,000) do Théarma na Féile Bríde san áireamh sa chaiteachas sin. Tá sé tuartha go bhféadfaí suas le €110,000 a chaitheamh faoi dheireadh na bliana agus is buiséad €106,200 atá ceadaithe, mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh easnamh i gceist.

**Financial Report**
A financial report for the period October 2019 – March 2020 was provided.

€59,506.92 has been spent on pay and non-pay items to date. The Residency Scheme grant payments (approx. €15,000) for Hilary Term are not included in this expenditure. It is forecast that expenditure could reach up to €110,000 by year-end which would lead to a deficit with a budget of €106,200.00 allowed.

**5. Tuairisc an Chumainn Ghaelaigh**

Rinne an Reachtaire nuathofa cur síos ar obair reatha an Chumainn:

- Beartaíodh ar an toghchán don choiste nua a reáchtáil ar líne thar aon lá déag (d'aon phost déag). Mhair an toghchán do gach post lá amháin agus rinneadh vótáil ar líne.
- Cuireadh bronnadh Ghradaim Ghlór na nGael ar athló, mar sin, níor fógraíodh na buaiteoirí go fóill.
- Beidh ar an gCumann cur chuige difriúil a bheith acu an bhliain seo chugainn má bhíonn ranganna agus imeachtaí le bheith ar líne. Caithfear a bheith an-ghníomhach ar na meáin shóisialta agus beidh sé níos dúshlánaí baill nua a mhealladh. Cuirfidh sé seo isteach ar chúrsaí airgeadais an Chumainn.
- Tá ullmhúchán ar bun sa chás go mbeidh mic léinn na chéad bhliana ag tosú san ollscoil níos déanaí ná mar is gnáth. Beidh gá an comórtas díospóireachta *Maidens*, toghcháin an Chruinnithe Ghinearálta Urghnách, trialacha don cheoldráma, srl. a chur siar.
- Táthar ag fanacht ar níos mó eolais ón CSC ar Sheachtain na bhFreisear.

**5. An Cumann Gaelach Report**

The newly elected Auditor reported on the society's current work:

- Elections were held online over the course of eleven days (for eleven posts) to assign a new committee. The election for each post lasted one day and voting took place online.
- The Glór na nGael awards have been postponed and therefore the winners have yet to be announced.
- The society are preparing for a different approach next year if classes and activities move online. It is acknowledged that they will need to be very active on social media and that it will be more challenging to attract new members, and this will affect the society's finances.
- Preparation is underway for the possibility of first year students' starting dates being later than usual. This will require a delay of activities such as the "Maidens" debating competition, EGM election, musical auditions, etc.
- The society is awaiting further information from the CSC on Fresher's Week.

**6. Tuairisc Aontas na Mac Léinn**

Thug Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn cuntas ar an obair a bhí ar bun le linn an téarma:

- Tá polasaí Gaeilge nua á chur le chéile don Aontas. Tabharfar faoi phróiseas comhairliúchán le páirtithe leasmhara chun a gcuid tuairimí a fháil.
- Tá leabhrán eolais curtha le chéile don Oifigeach Gaeilge nua, Gretchen Nic Sheanlaoich, agus oiliúint curtha uirthi don ról.
- Bíonn cruinnithe rialta ann le hoifigigh Ghaeilge in Aontais eile ar fud na tíre atá ina mbaill de Choiste

**6. Students' Union Report**

The SU Irish Language Officer gave an account of the work carried out over the course of the term:

- A new SU Irish language policy is being drafted. A consultation process will be undertaken with stakeholders for their opinions.
- An information booklet has been prepared for the new Irish Officer, Gretchen Nic Sheanlaoich, and training has taken place for her to undertake the role.

Cultúrtha Aontas na Mac Léinn in Éirinn. Rinneadh plé le déanaí ar conas tacú leis na hoifigigh Ghaeilge nua a bheidh ag tabhairt faoin ról don bhliain acadúil nua.

- Tá Coláiste na Tríonóide ainmnithe do Ghradaim SSAI AMLÉ sa chatagóir "Éacht ar son na Gaeilge". Tá ceithre fheachtas ainmnithe faoin gcatagóir seo agus baineann trí cinn acu le Coláiste na Tríonóide – Éigse na Tríonóide, Feachtas an tSínidh Fhada do chartaí mac léinn agus *The University Times*. Beidh an searmanas ar siúl ar an 27 Bealtaine.
- Thug tacaíocht chun an Scéim Cónaithe a fhógairt.
- Ghabh buíochas leis an Oifigeach Gaeilge, oifigigh an Aontais, Muireann Kane agus Laura Beston, agus le Coiste an Chumainn Gaelaigh dá gcuid tacaíochta i gcaitheamh na bliana.

---

- Regular meetings are held with other Irish Language officers around the country who are members of the USI's Coiste Cultúrtha (Cultural Committee). Discussions were held most recently on how to support the new officers who will take up the role in the new academic year.
- Trinity has been nominated for the USI's Student Achievement (SSAI) Awards in the 'Éacht ar Son na Gaeilge' (Irish Language Achievement) category. There are four campaigns nominated under this category and three of them relate to Trinity – the Éigse na Tríonóide festival, the campaign for the 'fada' on student cards, and *The University Times*. The ceremony will be held on 27th May.
- Support was provided in publicising the Residency Scheme.
- The Irish Language Officer, SU officers Muireann Kane and Laura Beston, and the An Cumann Gaelach committee were thanked for their support throughout the year.

**7. Seomra na Gaeilge**

Tá tuilleadh eolais ar an bpróiseas a bhaineann le staidéar féidearthachta iarrtha ar Oifig na nEastát agus na Saoráidí. Tá sé i gceist chomh maith scríobh chuig an Sparánaí agus chuig Stiúrthóir na Seirbhisí Míchumais maidir le cúrsaí spáis agus maoinithe.

**7. Seomra na Gaeilge**

Further information on the process of carrying out a feasibility study has been requested from carrying Estates and Facilities. It is also intended to contact the Bursar and the Disability Service Director in relation to space and funding.

**8. Diligent Boards**

Tá baill an Choiste cláraithe agus sonraí logála isteach tugtha dóibh do Diligent. Cuireadh na cáipéisí don chruinniú seo ar fáil ar an mbogearra.

**8. Diligent Boards**

Coiste members are registered and login details have been provided for Diligent. This meeting's documentation was provided on the platform.

**9. Aon ghnó eile**

Moladh Oifigeach Gaeilge an Aontais as a cuid oibre i gcaitheamh na bliana agus gabhadh buíochas le Caoimhe Ní Lochlainn, ionadaí na Leabharlainne agus a bhfuil post nua faighte aici sa Choláiste, as a cuid oibre agus tacaíochta go léir ar an gCoiste le blianta anuas.

**9. Any other business**

The SU Irish Language Officer was commended for her work during the year and Caoimhe Ní Lochlainn, the representative of the Library who has moved to a new role in the College, was thanked for all her work and support on the Coiste for many years.